An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

# Socruithe Ath-imlonnaithe tríd an bPainéal Forlíontach

## Ceisteanna Coitianta faoi Chiorclán 0074/2025

Is i bhformáid Ceisteanna Coitianta atá an doiciméad seo leagtha amach agus is cuspóir dó cabhrú le Boird Bhainistíochta/BOO, múinteoirí agus Oibreoirí Painéil le feidhmiú na bPainéal Forlíontach do na comhlachtaí éagsúla atá leagtha amach thíos .i. Painéil Fhorlíontacha ar a bhfuil rochtain ag múinteoirí ar théarma seasta/sealadacha (lena n- áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha.

- An Eaglais Chaitliceach (ar bhonn deoise)
- Eaglais na hÉireann (ar bhonn deoise/ ar bhonn deoisí aontaithe)
- Tá a bpainéal féin ag gach Ord Rialta
- Oideachas Le Chéile (painéal náisiúnta)
- An Foras Pátrúnachta (painéal náisiúnta)
- Bord Oideachais agus Oiliúna

Léiríonn an doiciméad seo na leasuithe éagsúla a tharla ar shocruithe an Phainéil Fhorlíontaigh le blianta beaga anuas. Tagann sé in ionad na Ceisteanna Coitianta a foilsíodh i mí na Samhna 2025.

Ba chóir an doiciméad seo a léamh i gcomhar le socruithe foirne do scoilbhliain 2026/27 nuair a fhoilseofar é agus Ciorclán 0074/2025 “Rochtain do mhúinteoirí ar théarma seasta/sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha ar an bPainéal Forlíontach Ath-imlonnaithe do Scoilbhliain 2026/27".

Ba chóir na Ceisteanna Coitianta agus na freagraí sa doiciméad seo a léamh sa chomhthéacs gur í príomhaidhm na socruithe ath-imlonnaithe ná freastal ar ath-imlonnú gach múinteoir breise buan nó ar chonradh tréimse éiginnte chuig scoileanna eile ina bhfuil folúntais. Tá an t-athimlonnú ar gach múinteoir breise buan nó ar chonradh tréimse éiginnte ríthábhachtach do chumas na Roinne bainistiú laistigh dá buiséad párolla. Cuirfear amach na Painéil Fhorlíontacha a luaithe agus a bhíonn an Roinn sásta nach mbíonn gá le haon fholúntais atá fós ann d’aon mhúinteoirí breise buan nó ar chonradh tréimse éiginnte agus líonfar folúntais bhuana atá fós ann ón bpainéal (lasmuigh de phoist Príomhoidí / Leas-Phríomhoide tríd iomaíocht seachtrach) ar féidir iad a líonadh ar nó roimh 2 Samhain 2026.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór do scoileanna cloí leis na socruithe ath-imlonnaithe chun gur féidir gach post múinteoireachta a leithdháileadh. Déanfaidh an Roinn monatóireacht ar chomhall na socruithe seo trí eolas a gheofar trí fheidhmiú an phárolla. Ní bheidh cead ag scoileanna nár chloígh leis na socruithe ath-imlonnaithe folúntais bhuana a líonadh ar bhonn buan.

## Cuid 1 - Eolas Ginearálta

### 1.1 Cad é an Painéal Forlíontach?

Úsáidtear an Painéal Forlíontach le haghaidh ceapacháin poist mhúinteoireachta **lánaimseartha, bhuana** (seachas poist Príomhoide / Leas-Phríomhoide tríd iomaíocht seachtrach) sa chás, agus sa chás seo amháin, nach bhfuil na poist sin de dhíth ar shlí eile chun ath-imlonnú múinteoirí buana agus CID breise a éascú. Is é Dé Luain 2 Samhain 2026 an dáta is déanaí chun post buan a líonadh ar bhonn buan (agus de réir chiorclán na socruithe foirne don scoilbhliain 2026/27). Ina dhiaidh sin, is ar bhonn téarma seasta amháin is féidir post buan a líonadh (agus de réir chiorclán na socruithe foirne don scoilbhliain 2026/27) ach amháin más múinteoir buan nó CID ón bpainéal ath-imlonnaithe an té a cheapfaí.

Cruthaítear gach Painéal Forlíontach do mhúinteoirí incháilithe i bpoist téarma seasta, poist ionaid agus poist pháirtaimseartha a chomhlíonann na critéir chuí incháilitheachta faoi mar atá leagtha amach i gCiorclán 0074/2025.

Is ar bhonn sealadach a chuirtear múinteoirí ar an bPainéal Forlíontach. Déantar seiceálacha breise, de réir mar is cuí ag céim an cheapacháin maidir leis na múinteoirí siúd a bheith á gceapadh i bpoist bhuana ón bPainéal Forlíontach.

**Nóta:** Ní féidir poist shealadacha ná poist ionaid a líonadh le múinteoirí atá ar an bPainéal Forlíontach. Nuair a is deimhin leis an Roinn nach bhfuil na poist seo de dhíth le haghaidh ath-imlonnú múinteoir buan/CID breise, cuirfear in iúl do na hOibreoirí Painéil bainteacha gur féidir leis na scoileanna na folúntais seo a líonadh trí na gnáthphróisis. Cuirfidh an Roinn fógra ar a suíomh gréasáin nuair a tharlóidh sé seo mar chuid dá Nuashonruithe Painéil rialta.

### 1.2 Cén uair a thiocfaidh an Painéal Forlíontach i bhfeidhm?

Nuair a is deimhin leis an Roinn nach bhfuil aon folúntais atá fágtha de dhíth le haghaidh ath-imlonnú múinteoir buan/CID breise, cuirfear in iúl do na hOibreoirí Painéil bainteacha gur féidir an Painéal Forlíontach a eisiúint chuig na scoileanna. Bainfidh an Roinn feidhm as a suíomh gréasáin le scoileanna agus múinteoirí a choinneáil ar an eolas ar dhul chun cinn na bpainéal. Féadann Comhlachtaí Bainistíochta agus Oibreoirí Painéil éagsúla a suíomh gréasáin a úsáid leis, le scoileanna a choinneáil ar an eolas ar dhul chun cinn na bpainéal.

## 1.3 Cad iad na cineálacha folúntais is féidir a thairiscint do mhúinteoirí atá ar an bPainéal Forlíontach?

Poist bhuana mhúinteoireachta:

- nach bhfuil de dhíth ar shlí eile chun ath-imlonnú múinteoirí buana/CID breise a éascú

agus

- ar féidir iad a líonadh Dé Luain 2 Samhain 2026 nó roimhe sin, ach amháin post Príomhoide / Leas-Phríomhoide tríd iomaíocht seachtrach.

## Cuid 2 - Próiseas Iarratais don bPainéal Forlíontach

### 2.1 Cad é dáta dúnta chun iarratais ar an bPainéal Forlíontach a fháil?

Ní mór foirmeacha iarratais agus iad comhlánaithe, a bheith faighte ag an Roinn Dé hAoine 19 Nollaig 2025 nó roimhe sin. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhféachfar ar iarratais dhéanacha lena gcur ar an bPainéal Forlíontach. Ba cheart don iarrtasóir cruthúnas ar phostas a choinneáil. Agus á n-iarratais á gcur sa phost acu ba chóir d'iarratasóirí dóthain ama a thabhairt dóibh chun an Roinn a shroichint, go háirithe le linn tréimhse ina mbíonn an post gnóthach.

### 2.2 An gcuirtear seirbhís bhuan/CTÉ atá curtha isteach ag múinteoir roimhe seo mar mhúinteoir bunoideachais san áireamh i dtaobh rochtana ar an bPainéal Forlíontach?

Níchuirtear san áireamh ach seirbhís ináirithe ó dháta deireanach na seirbhíse buaine/CTÉ ar mhaithe leis na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh do rochtain ar an bPainéal Forlíontach. Le go measfar go gcomhlíonfaidh múinteoir an critéar maidir le hincháilitheacht de réir scálaphointe, ní mór trí incrimint a bheith tuillte aige/aici ó dháta deireanach seirbhíse buaine/CTÉ. Nó, de mhalairt air seo, ní mór dhá incrimint a bheith tuillte aige/aici ón dáta deireanach seirbhíse buaine/CTÉ agus, má tá sé/sí ag obair le trí bliana anois (ó dháta deireanach seirbhíse buaine/CTÉ), ní mór dó/di bheith ar conradh chun teagasc go deireadh na scoilbhliana 2025/26.

### 2.3 An féidir le múinteoir seirbhís mar mhúinteoir iarbhunscoile a thug sé/sí́ roimhe seo, ar bronnadh creidiúint incriminteach air/uirthi ina leith nó seirbhís neamhcháilithe a chur san áireamh ar mhaithe le rochtain ar an bPainéal Forlíontach?

Ní féidir. Ní chuirtear an tseirbhís seo san áireamh chun na critéir incháilitheachta um rochtain ar an bPainéal Forlíontach a chomhlíonadh.

### 2.4 Cén toradh atá ar mhúinteoir a chuireann tic sa bhosca chun a léiriú cé acu atá nó nach bhfuil spéis ar leith aige/aici in ath-imlonnú ar scoil a oibríonn trí mheán na Gaeilge?

Is é feidhm an bhosca tice seo ná chun cuidiú le próiseas ath-imlonnaithe faoi threoir na scoile do scoileanna speisialta atá ag feidhmiú faoi phátrúnacht oibritheoir painéil an iarratasóra (ní bhaineann a leithéid le rang speisialta i ngnáthscoil). Má tharlaíonn go gceaptar Oifigeach Painéil chun an t-athimlonnú ar mhúinteoirí ón bpainéal a éascú, is féidir leis an Oifigeach Painéal aird a choinneáil maidir le léiriú spéise a bhíonn tugtha ag an múinteoir don ath-imlonnú i scoil speisialta. Tá sé tábhachtach a bheith sa airdeall, áfach, go mbaineann socruithe ath-imlonnaithe an Phainéil

Fhorlíontaigh mar atá sna Ceisteanna Coitianta eile sa doiciméad seo ar an dul céanna le gach scoil. Go sonrach, tá gach múinteoir atá ar phainéal ath-imlonnaithe faoi réir socruithe an Phainéil Fhorlíontaigh má fhaigheann siad cuireadh chun agallaimh/ceapacháin i scoil speisialta atá faoin bpátrúnacht chéanna le hoibritheoir painéil an iarratasóra, beag beann ar tic a bheith curtha acu nó gan a bheith curtha acu leis an mbosca a léiríonn spéis sa réimse sin.

### 2.5 Cén toradh atá ar mhúinteoir a chuireann tic sa bhosca a léiríonn cé acu atá nó nach bhfuil spéis ar leith aige/aici in ath-imlonnú ar scoil speisialta a fheidhmíonn faoi phátrúnacht oibreoir painéil an iarratasóra?

Is é feidhm an bhosca tice seo ná chun cuidiú le próiseas ath-imlonnaithe faoi threoir na scoile do scoileanna speisialta atá ag feidhmiú faoi phátrúnacht oibritheoir painéil an iarratasóra (ní bhaineann a leithéid le rang speisialta i ngnáthscoil). Má tharlaíonn go gceaptar Oifigeach Painéil chun an t-athimlonnú ar mhúinteoirí ón bpainéal a éascú, is féidir leis an Oifigeach Painéal aird a choinneáil maidir le léiriú spéise a bhíonn tugtha ag an múinteoir don ath-imlonnú i scoil speisialta. Tá sé tábhachtach a bheith sa airdeall, áfach, go mbaineann socruithe ath-imlonnaithe an Phainéil Fhorlíontaigh mar atá sna Ceisteanna Coitianta eile sa doiciméad seo ar an dul céanna le gach scoil. Go sonrach, tá gach múinteoir atá ar phainéal ath-imlonnaithe faoi réir socruithe an Phainéil Fhorlíontaigh má fhaigheann siad cuireadh chun agallaimh/ceapacháin i scoil speisialta atá faoin bpátrúnacht chéanna le hoibritheoir painéil an iarratasóra, beag beann ar tic a bheith curtha acu nó gan a bheith curtha acu leis an mbosca a léiríonn spéis sa réimse sin.

### 2.6 An féidir le múinteoir a bhfuil i gceist aige/aici iarratas a chur ar CID don scoilbhliain 2026/27 iarratas a dhéanamh i gcomhair an Phainéil Fhorlíontaigh 2026/27?

Is féidir. Ós rud é go bhfuil dáta dúnta don bPainéal Forlíontach roimh dháta dúnta d'iarratais ar CID is féidir le múinteoirí iarratas a dhéanamh ar an bPainéal Forlíontach. Má thugtar CID do mhúinteoir ina dhiaidh sin don scoilbhliain 2026/27 meastar a (h)iarratas ar an bPainéal Forlíontach a bheith ar neamhní go hiomlán.

### 2.7 Cad iad́ na príomhghealltanais a chaithfidh múinteoir a thabhairt agus iarratas á dhéanamh aige/aici ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach?

Ní mór dó/di a dhearbhú ar an bhfoirm iarratais atá le Ciorclán 0074/2025 go gcomhlíonann sé/sí́ na riachtanais incháilitheachta atá leagtha amach i gCuid 2 de Chiorclán 0074/2025.

Ní mór don múinteoir na gealltanais seo a leanas a thabhairt leis, agus iarratas á dhéanamh aige/aici ar áit ar an bPainéal Forlíontach:

- a aontú go bhfuil Ciorclán 0074/2025 léite aige/aici agus a dhearbhú go gcomhlíonann tsé/sí na critéir incháilitheachta.

- a aontú go gcloífidh sé/sí leis na socruithe ath-imlonnaithe lena rialaítear oibriú an Phainéil Fhorlíontaigh Ath¬imlonnaithe ar leibhéal na bunscoile.

- a thuiscint agus glacadh leis go gcuirfear a (h)iarratas ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach ó bhail má thugann sé/sí aon fhaisnéis atá míchruinn nó míthreorach agus an fhoirm iarratais seo á comhlánú aige/aici.

- a thuiscint go mbeidh an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm iarratais faoi réir fíorú ag an Roinn sula gcuirfear a (h)ainm ar aghaidh chuig an bpátrún ábhartha lena chur ar an bpainéal. Ní thugann comhlánú na foirme seo teideal don múinteoir cearta painéil a fháil agus gur faoin bpátrún ábhartha atá sé cinneadh deiridh a dhéanamh ar iontráil ar phainéal.

- a thuiscint, más rud é go dtéann scoil a bhfuil folúntas buan aici i dteagmháil leis an bPainéal Forlíontach trí shuíomh gréasáin a úsáid chun léiriú suime a lorg ó mhúinteoirí atá ar an bPainéal Forlíontach, agus má tá suim agam sa bhfolúntas sin, a thuiscint nach mór dó/di léiriú suime a chur faoi bhráid na scoile laistigh den tréimhse ama chuí. a thuiscint nach mbeidh aon tionchar ar a (h)áit ar an bPainéal Forlíontach sa chás go roghnóidh sé/sí gan léiriú spéise a chur faoi bhráid aon scoile a bheidh ag líonadh folúntais tríd an bpróiseas seo.

- glacadh leis go mbainfear a (h)ainm den bPainéal Forlíontach:
  - mura féidir teagmháil a dhéanamh leis/léi tríd na sonraí a úsáid atá tugtha agat
  - mura dtuann sé/sí freagra laistigh de thrí lá féilire ar iarratas ríomhphoist ó scoil CV a chur isteach agus/nó teacht go hagallamh
  - mura dtugann sé/sí freagra laistigh de thrí lá féilire ar thairiscint trí ríomhphoist ó scoil
  - mura bhfuil sé/sí sásta teacht go hagallamh laistigh de na teorainneacha faid comhaontaithe
  - mura bhfuil sé/sí sásta glacadh le tairiscint poist atá laistigh de na teorainneacha faid comhaontaithe

- má ligfidh sé/sí dá c(h)lárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta dul in éag am ar bith, nó má bhainfeaŕ den Chlár é/í ar chúis ar bith, glacfaidh sé/sí leis go mbainfear den Phainéal Forlíontach é/í agus go gcuirfear deireadh láithreach lena f(h)ostaíocht leis an scoil ina bhfuil sé/sí́ ath-imlonnaithe.

- glacann sé/sí leis go mbeidh aon cheapachán ón bPainéal Forlíontach:
  - faoi réir scagadh leighis
  - faoi réir deimhniú cáilíochtaí.

- glacann sé/sí leis go mbeidh aon cheapachán a éireoidh as an bpainéal seo faoi réir na ceanglais riachtanacha ghrinnfhiosrúcháin a chomhlíonadh.

- glacann sé/sí leis go mbeidh aon cheapachán ón bPainéal Forlíontach ag brath ar na téarmaí agus coinníollacha a leagfar amach sa litir thairisceana/in aon litir

thairisceana ón scoil is fostóir/ón bhfostóir agus go mbeidh aon cheapachán faoi réir na dtéarmaí agus coinníollacha sin.

- glacann sé/sí leis go mbeidh aon cheapachán a éireoidh as an bpainéal seo faoi réir próiseas seiceála ag an Roinn ag céim an cheapacháin maidir leis na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh agus go bhféadfaí an ceapachán atá beartaithe a chur ó bhail mar thoradh ar an bpróiseas seiceála sin.

- má ghlacann sé/sí le post don scoilbhliain 2026/27 nó go gcinnfidh sé/sí an painéal a fhágáil ar chúis ar bith, geallann sé/sí go gcuirfidh sé/sí an méid sin in iúl don Oibreoir Painéil ábhartha agus go seolfaidh sé/sí an Fhoirm Nuashonraithe Phainéil Fhorlíontaigh (PUF) chuig an Roinn. Tuigeann sé/sí, má fhágann sé/sí an painéal ar chúis ar bith, nach féidir é/í a athchur ina dhiaidh sin.

**Má theipeann ort ceann ar bith de na coinníollacha thuasluaite a chomhlíonadh, cuirfear deireadh le do rochtain ar an bPainéal Forlíontach.**

## Cuid 3 - Post atá le líonadh ón bPainéal Forlíontach a fhógairt

### 3.1 Cad iad na roghanna atá ag an mBord Bainistíochta/BOO chun an folúntas buan a líonadh tríd an bPainéal Forlíontach?

Tá trí rogha ag an mBord Bainistíochta/BOO chun an folúntas buan a líonadh:

1. Féadann an Bord Bainistíochta/BOO múinteoir atá ar an bPainéal Forlíontach a roghnú gan próiseas agallaimh.

2. Nuair a bhíonn níos mó ná múinteoir amháin ar an bPainéal Forlíontach, féadann Bord Bainistíochta/BOO na scoile a bhfuil an folúntas aici iarratas a chur de ríomhphost chun cuireadh chun agallaimh a chur ar chuid de na múinteoirí atá ar an bPainéal Forlíontach, nó orthu uile. Ní mór do mhúinteoir freagra a thabhairt ar chuireadh chun agallaimh taobh istigh de thrí lá féilire. Caithfidh an scoil an post a líonadh ón gcohórt múinteoirí ar tugadh agallamh dóibh, faoi réir seiceálacha tagartha sásúla. Féadfaidh an scoil seiceálacha tagartha a dhéanamh ar an iarratasóir is airde céim. I gcás ina ndéanann scoil seiceálacha tagartha, coinneoidh an scoil taifid chuí ar na seiceálacha sin ar feadh tréimhse 18 mí de réir nósanna imeachta cosanta sonraí. Beidh rochtain ar thaifid den sórt sin faoin GDPR.

3. Tá an rogha chun **suíomh gréasáin** a úsáid, i.e. educationposts.ie/staffroom.ie, ag scoileanna mar mhodh chun teagmháil a dhéanamh leis an bPainéal Forlíontach Ath-imlonnaithe. Is féidir é seo a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an suíomh Gréasáin mar mhodh chun a iarraidh ar mhúinteoirí atá ar an bPainéal Forlíontach ábhartha spéis a léiriú i bpost buan atá le líonadh ón bPainéal Forlíontach sin. Ní féidir le múinteoirí freagairt ach do léirithe spéise laistigh dá gceantar painéil féin a bhaineann leo. Is iad na príomhriachtanais:

   - Go dtabharfar 5 lá féilire do mhúinteoirí chun spéis a léiriú sa phost.

   - Caithfidh príomhoide an post a líonadh ó chohórt na múinteoirí a léirigh spéis sa phost. Tá sé mar rogha ag an scoil, áfach, liosta na múinteoirí a léiríonn spéis sa phost a fhorlíonadh le múinteoir(í) atá go fóill ar an bPainéal Forlíontach (nár thug freagra le léiriú spéise sa phost). Is féidir an post a líonadh ar an mbealach seo le, nó gan, próiseas agallaimh.

   - Mura léiríonn aon mhúinteoir ar an bPainéal Forlíontach ábhartha spéis sa phost, beidh ceangal ar an scoil 2 lá féilire breise a chur leis an tréimhse ama le haghaidh léirithe spéise a iarraidh.

   - Mura bhfuil aon mhúinteoir a léirigh spéis sa phost ag an gcéim sin fós, féadfaidh an scoil leanúint lena folúntas buan a líonadh ar an ngnáthbhealach tríd an bhfógra poiblí caighdeánach.

- Sa chás sin, tá ceangal ar an scoil a lua go soiléir san fhógra poiblí an dáta ar iarradh léirithe spéise, an dáta ar síneadh é agus a dheimhniú go bhfuil an scoil ag leanúint anois leis an bhfolúntas a líonadh trí earcaíocht oscailte.

- Fanann múinteoir nach léiríonn spéis i bpost ar an bPainéal Forlíontach. Fanann múinteoir a léiríonn spéis i bpost agus nach n-éiríonn leis/léi an post a fháil ar an bPainéal Forlíontach. Múinteoir ón bPainéal Forlíontach a dtugtar cuireadh chun agallaimh dó/di agus nach n-éiríonn leis/léi, fanann sé/sí ar an bPainéal Forlíontach.

Féach an téacs thíos atá le cur san áireamh

- i bhfógra ar bith a chuirfidh scoil ag a bhfuil folúntas múinteoireachta buan ar educationposts.ie/staffroom.ie chun léiriú spéise a lorg ó mhúinteoirí ar an bpainéal forlíontach ath-imlonnaithe ábhartha, agus

- aon fhógra leantach ar bith de chuid na scoile a chuireann síneadh ama dhá lá féilire le creat ama an chéad fhógra ina lorgaítear léiriú spéise ó mhúinteoirí ar an bpainéal forlíontach ábhartha, agus

- aon fhógra a dhéantar ina dhiaidh sin chun an post a líonadh trí earcú oscailte.

**An Fhoclaíocht a úsáidfidh scoileanna agus léiriú spéise á lorg acu ó mhúinteoirí ar an bPainéal Forlíontach**

**An Fhoclaíocht atá le cuimsiú sa chéad fhógra:**

Is mian leis an mBord Bainistíochta/BOO léirithe spéise i bhfolúntas buan a iarraidh ina mbeidh dualgais tosaigh in _____ *(cuir isteach dualgais)* ó mhúinteoirí atá liostaithe ar Phainéal Forlíontach na Deoise _____ *(cuir isteach ainm an phainéil)* / An Foras Pátrúnachta _____ *(cuir isteach contae)* / Oideachas Le Chéile _____ *(cuir isteach contae )* / BOO _____ *(scrios mar is cuí).*

Ba chóir léiriú spéise a sheoladh chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO ag an seoladh seo a leanas _____ *(cuir isteach seoladh)* faoin ___ú lá de _____, 2026 *(cuir isteach dáta deiridh),* is é sin 5 lá féilire ó dháta an fhógra seo.

**Mura bhfreagraíonn múinteoir ar bith atá ar an bPainéal Forlíontach don chéad fhógra, is é seo a leanas an fhoclaíocht atá le cuimsiú sa dara fógra:**

Leis seo, fógraíonn an Bord Bainistíochta/BOO, i ndiaidh an folúntas buan seo a fhógairt i dtosach báire ar an suíomh gréasáin seo ar an _____ú lá de _____ , 2026 *(cuir isteach dáta an chéad fhógra),* go bhfuil sé ag síneadh na tréimhse inar féidir le múinteoir atá ar Phainéal Forlíontach na Deoise _____ *(cuir isteach ainm an phainéil)/* An Foras Pátrúnachta _____ *(cuir isteach contae)* / Oideachas le Chéile_____ *(cuir isteach contae)* / BOO _____ *(scrios mar is cuí)* léiriú spéise a chur isteach le dhá lá féilire.

Ba chóir léiriú spéise a sheoladh chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO ag an seoladh seo a leanas _____ *(cuir isteach seoladh)* faoin ___ú lá de _____, 2026 *(cuir isteach dáta deiridh),* is é sin 2 lá féilire ó dháta an fhógra seo.

**An fhoclaíocht atá le cuimsiú i bhfógra comórtas oscailte an fholúntais bhuain, i ndiaidh an dáta deiridh a sainíodh sa dara fógra inar iarradh léirithe spéise ó mhúinteoirí atá ar an bPainéal Forlíontach ábhartha:**

D'fhógair an Bord Bainistíochta/BOO an folúntas buan seo i dtosach báire ar an suíomh gréasáin seo ar an _____ú lá de _____ , 2026 *(cuir isteach dáta an chéad fhógra inar iarradh léirithe spéise) do* mhúinteoirí atá liostaithe ar Phainéal Forlíontach Dheoise _____ *(cuir isteach ainm an phainéil)/* An Foras Pátrúnachta _____ *(cuir isteach contae)* / Oideachas le Chéile_____ *(cuir isteach contae)*/ BOO _____ *(scrios mar is cuí).* Ba é an _____ ú _____ lá de ____ 2026 *(cuir isteach dáta deiridh léiriú spéise ón gcéad fhógra) an* dáta deiridh le haghaidh léiriú spéise a chur isteach.

Síneadh an dáta deiridh le léirithe spéise ó mhúinteoirí atá ar an bPainéal Forlíontach ábhartha a chur isteach trí fhógra ar an suíomh gréasáin seo go dtí an ___ú lá de _____, 2026 *(cuir isteach an dáta deiridh sínte a bhí leis an dara fógra).*

Tá an Bord Bainistíochta/BOO anois ag dul i gceann an folúntas buan seo a líonadh trí chomórtas oscailte.

### 3.2 Conas ar chóir don mBord Bainistíochta/BOO teagmháil a dhéanamh le múinteoirí ar an bPainéal Forlíontach?

Ba chóir teagmháil a dhéanamh trí ríomhphost le múinteoirí ar an bPainéal Forlíontach maidir le cuireadh chuig agallamh / tairiscint poist.

### 3.3 An gá do mhúinteoirí a bheith ar fáil i gcomhair teagmhála leo le linn na tréimhse ina bhfuil na painéil i bhfeidhm?

Is gá. Tá ar mhúinteoirí a bheith ar fáil i gcomhair teagmhála gach uile thráth ag na seoltaí ríomhphosit/an seoladh ríomhphoist agus/nó an uimhir / na huimhreacha gutháin a thug siad ar fhoirm iarratais an Phainéil Fhorlíontaigh. Tá sé thar a bheith tábhachtach gur féidir dul i dteagmháil leis an múinteoir gach uile thráth. Ní mór don mhúinteoir a ríomhphost a sheiceáil go rialta. Mura féidir teagmháil a dhéanamh le múinteoir caillfidh sé/sí a (h)áit ar an bPainéal Forlíontach agus bainfear a (h)ainm den bPainéal Forlíontach. Ba cheart do mhúinteoirí a thabhairt faoi deara nach féidir iad a athchur ar an bPainéal Forlíontach ina dhiaidh sin.

Má athraíonn an múinteoir a s(h)eoladh ríomhphoist, a (h)uimhir ghutháin nó sonraí teagmhála ar bith ní mór dó/di an t-athrú a chur in iúl do Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne (ríomhphost: supplementarypanel@education.gov.ie) agus don Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais na deoise, srl.) láithreach bonn.

I gcomhréir le socruithe atá leagtha amach thuas moltar do mhúinteoirí na suíomhanna gréasáin educationposts.ie/staffroom.ie a sheiceáil go rialta le linn don bPainéal Forlíontach a bheith i bhfeidhm.

### 3.4 An bhfuil de cheart ag Bord Bainistíochta/BOO múinteoir ar an bPainéal Forlíontach a chur faoi agallamh agus an bhfuil ar an múinteoir freastal ar an agallamh?

Má tá níos mó na múinteoir amháin ar an bPainéal Forlíontach, tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta/BOO agallaimh a chur.

Caithfidh múinteoirí a dtugann scoil cuireadh chuig agallaimh dóibh freastal ar an agallamh má tá an phátrúnacht chéanna ag an scoil agus ag réimse Phainéal Fhorlíontach an mhúinteora agus má tá an scoil laistigh de 45km de scoil bhunáite an mhúinteora. Is í an scoil bhunáite ná an scoil a bhíonn tugtha ag an múinteoir ar a f(h)oirm iarratais don Phainéal Forlíontach. Tabhair aird nach nglactar le seoladh baile an mhúinteora sa chomhthéacs seo.

Áirítear leis seo poist i nGaelscoileanna, Scoileanna Gaeltachta, Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta atá laistigh de limistéar Phainéal Fhorlíontaigh an mhúinteora.

Muna bhfreastalaíonn múinteoir ar an agallamh déanfaidh sé/sí a (h)áit ar an bPainéal Forlíontach a fhorghéilleadh agus bainfear é/í den Phainéal Forlíontach. Féach na socruithe thuas inar féidir le scoil léirithe spéise a éileamh dá folúntas.

### 3.5 An gcaithfidh múinteoir freagra a thabhairt trí ríomhphost ar gach cumarsáid ó scoil, fiú má tá siad lasmuigh den bhfad 45 km?

Caithfidh. Ní mór do mhúinteoir freagra a thabhairt ar gach cumarsáid, iarratas ar CV agus cuireadh chuig agallamh san áireamh, laistigh de thrí lá féilire ón ríomhphost a fháil ach is féidir leis/léi diúltú don chuireadh ar an mbonn go bhfuil an scoil lasmuigh den limistéar 45km. Má theipeann ar an múinteoir freagra a thabhairt ar an gcuireadh chuig agallaimh laistigh de thrí lá féilire géillfidh sé/sí a háit ar an bPainéal Forlíontach agus bainfear a (h)ainm den Phainéal Forlíontach.

### 3.6 Cad a tharlóidh mura féidir teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ar an bPainéal Forlíontach nó mura dtugann sé/sí freagra ar an ríomhphost ón scoil?

Tá sonraí teagmhála tugtha ag gach múinteoir ar an bPainéal Forlíontach chun teagmháil maidir lena f(h)ostaíocht sa todhchaí a éascú. Ba chóir don Bhord Bainistíochta/BOO a chur in iúl, ar ríomhphost, don Oibritheoir Painéil (rúnaí oideachais na deoise, srl.) agus don Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí nach bhfuil freagra tugtha ag an múinteoir ar an ríomhphost. Is gá an ríomhphost sin a chóipeáil chuig an múinteoir freisin.

Má theipeann ar mhúinteoir freagra a thabhairt ar an riomhphost ón scoil laistigh den trí lá féilire éigeantach, géillfidh sé/sí a (h)áit ar an bPainéal Forlíontach. Caithfidh múinteoir freagairt do gach cumarsáid, go fiú má bhíonn an scoil lasmuigh den limistéar 45km ó scoil bhunáite an mhúinteora.

### 3.7 Cad a tharlóidh má ghlacann múinteoir le cuireadh chuig agallamh ach mura bhfreastalaíonn sé/sí air?

Mura bhfreastalaíonn múinteoir ar agallamh caillfidh sé/sí a (h)áit ar an bPainéal Forlíontach.

Má bhain an Bord Bainistíochta/BOO úsáid as modh an léiriú spéise chun an post a líonadh agus más é/í an múinteoir nár fhreastail ar an agallamh an t-aon mhúinteoir a léirigh spéis sa phost is féidir leis an mBord Bainistíochta/BOO leanúint ar aghaidh agus an post a fhógairt i bhfógra oscailte ar an mbonn go bhfuil na socruithe um léiriú spéise atá leagtha amach thuas comhlíonta aige.

Ba chóir don mBord Bainistíochta/BOO an Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais na deoise, srl.) agus an Rannóg Leithdháileadh Bunoideachais (ríomhphost: supplementarypanel@education.gov.ie) a chur ar an eolas trí ríomhphost nach bhfuil

freagra tugtha ag an múinteoir ar an ríomhphost. Cuir cóip den ríomhphost seo chuig an múinteoir.

## Cuid 4 - Post buan a líonadh ón bPainéal Forlíontach

### 4.1 An bhfuil múinteoirí ar an bPainéal Forlíontach i dteideal ath-imlonnaithe i bhfolúntais Téarma Seasta?

Níl. Ní bhaintear úsáid as an bPainéal Forlíontach chun poist téarma sheasta a líonadh i scoileanna. Caithfidh scoileanna a bhfuil folúntais téarma sheasta acu na folúntais seo a fhógairt ar an ngnáthbhealach, nuair a bhíonn gach múinteoir ar na Príomhphainéil don Ath-Imlonnú ath-imlonnaithe agus nuair a bhíonn cead tugtha na folúntais téarma-sheasta a líonadh.

### 4.2 An bhfuil aon teorainn ann faoina gcaithfidh an folúntas buan a bheith líonta ag an mBord Bainistíochta/BOO?

Is é Dé Luain 2 Samhain 2026 an dáta deireanach chun post buan a líonadh ar bhonn buan. Ina dhiaidh sin is féidir post buan a líonadh ar bhonn téarma sheasta amháin ach amháin más múinteoir buan/CID breise é an té a cheapfar atá á cheapadh trí shocruithe an Phríomhphainéil Ath-imlonnaithe. Ní bhaineann na socruithe seo le poist teagaisc Phríomhoide / Leas-Phríomhoide tríd iomaíocht seachtrach.

### 4.3 Conas a thairgtear poist bhuana do mhúinteoirí ar an bPainéal Forlíontach?

A luaithe is atá cinneadh déanta ag an mBord Bainistíochta/BOO faoi cé dó/di a dtairgfidh sé post, ní mór don Bhord an folúntas buan a thairiscint go foirmiúil don mhúinteoir ar an bPainéal Forlíontach ach “litir thairisceana” a eisiúint trí ríomhphost agus freagra an mhúinteora a lorg laistigh de thrí lá féilire ó dháta na litreach. Ba cheart don Bhord Bainistíochta/BOO cruthúnas seolta a choinneáil. Ba cheart a lua sa “litir thairisceana” go bhfuil an tairiscint ag brath ar na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, agus go bhfuil sí faoina réir: deimhniú cáilíochtaí, clárúchán leanúnach leis an gComhairle Mhúinteoireachta, comhlíonadh na gceanglas riachtanach grinnfhiosrúcháin, scagadh leighis réamhfhostaíochta, glacadh le coinníollacha na litreach tairisceana agus aon seiceáil deiridh a dhéanfaidh an Roinn ar incháilitheacht an mhúinteora le bheith ar an bPainéal Forlíontach. Moltar do Bhoird seiceáil lena gComhlachtaí Bainistíochta ina leith sin.

### 4.4 An gcaithfidh múinteoir glacadh leis an gcéad phost a thairgtear dó/di?

Caithfidh. Caithfidh múinteoirí glacadh leis an gcéad phost a ofráiltear dó/di más ionann pátrúnacht na scoile agus an phátrúnacht atá luaite ag an múinteoir ar an bPainéal Forlíontach agus má tá sí laistigh den limistéar 45 km ó scoil bhunáite an mhúinteora. Is í an scoil bhunáite ná an scoil atá luaite ag an múinteoir ar a f(h)oirm iarratais don Phainéal Forlíontach. Tabhair aird nach nglactar le seoladh baile an mhúinteora sa chomhthéacs seo.

Áirítear leis sin poist i nGaelscoileanna, i Scoileanna Gaeltachta, i Scoileanna Speisialta agus i Ranganna Speisialta a thagann laistigh de limistéar Phainéil Fhorlíontaigh an mhúinteora. Mura nglacfaidh an múinteoir le tairiscint poist ó scoil ar

bith laistigh den limistéar 45km, caillfidh sé/sí a (h)áit ar an bPainéal Forlíontach agus bainfear ainm an mhúinteora den Phainéal Forlíontach.

### 4.5 Cad a tharlóidh mura dtugann múinteoir ar an bPainéal Forlíontach freagra ar thairiscint poist ó Bhord Bainistíochta/BOO laistigh de thrí lá féilire?

Mura dtugann múinteoir freagra ar aon tairiscint mar sin caillfidh sé/sí a (h)áit ar an bPainéal Forlíontach agus bainfear a (h)ainm den bPainéal Forlíontach. Ba cheart do mhúinteoirí a thabhairt faoi deara nach féidir iad a athchur ar an bPainéal Forlíontach ina dhiaidh sin.

### 4.6 Cad a tharlóidh má dhiúltaíonn an múinteoir an tairiscint poist?

Má tá an scoil laistigh den limistéar 45km ó scoil bhunáite an mhúinteora, caillfidh an múinteoir a (h)áit ar an bPainéal Forlíontach agus bainfear a (h)ainm den Phainéal Forlíontach. Ba chóir do múinteoirí a thuiscint nach mbeifear ábalta iad a ligint ar ais ar an bPainéal Forlíontach ina dhiaidh sin.

### 4.7 Cad é a tharlóidh nuair a ghlacann múinteoir ar an bPainéal Forlíontach le tairiscint poist i scoil?

A luaithe is atá deimhniú i scríbhinn faighte trí ríomhphost gur glacadh leis na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach sa litir thairisceana, ní mór don Bhord Bainistíochta/BOO fógra a thabhairt don Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais na deoise, srl.) laistigh den tréimhse 24 uair dár gcionn. Is féidir an fógra seo a thugann Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta/BOO don Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais na deoise, srl.) a dhéanamh ó bhéal ach ní mór é a dheimhniú freisin, gan aon mhoill, trí ríomhphost chomh maith.

Ní mór don mhúinteoir agus don Phríomhoide an Fhoirm Nuashonraithe Phainéil Fhorlíontaigh a chomhlánú chun scéala a chur chuig an Roinn ionas gur féidir ainm an mhúinteora a bhaint den Phainéal Forlíontach.

Ní mór don Phríomhoide/Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/BOO a shocrú leis, go ndéanfar an Fhoirm Ceapacháin Bhunmhúinteora a chomhlánú agus a chur chuig an Rannóg Párolla Bunmhúinteoirí.

### 4.8 Cathain a mheastar a bheidh múinteoirí ag dul i mbun dualgais sa scoil nua?

Tiocfaidh an ceapachán i bhfeidhm ón dáta a bheidh an folúntas ar fáil sa scoil. Bítear ag súil go dtosóidh múinteoir sa phost buan gan mhoill.
Ba chóir do scoileanna agus do mhúinteoirí bheith ar an eolas gurb é Dé Luain 2 Samhain 2026 an lá deireanach le haghaidh ceapachán buan sa scoilbhliain 2026/27.

### 4.9 An féidir post buan a thairiscint do mhúinteoir ar an bPainéal Forlíontach atá ag brath ar an rollú riachtanach a bhaint amach (e.g. post rollaithe réamh-mheasta)?

Níor cheart múinteoirí ón bPainéal Forlíontach a cheapadh ach ar bhonn téarma shocraithe don tréimhse dhá mhí ón 1 Meán Fómhair go dtí an 23 Deireadh Fómhair go dtí aon phost atá ceadaithe go sealadach.

### 4.10 Cad é a tharlóidh má ghlacann múinteoir le post buan atá ag brath ar bhaint amach an rollaithe riachtanaigh (m.sh. Post Rollaithe Réamh-Mheasta) agus go gcuirfear deireadh leis an bpost ina dhiaidh sin toisc nár baineadh an rollú measta riachtanach amach / tá an post ag teastáil chun múinteoir a ath-imlonnú ón bPríomhphainéal?

Cuirfear an múinteoir ar ais ar an b**Painéal Forlíontach**.

### 4.11 Cad a tharlóidh má ghlacann múinteoir le post sealadach lasmuigh de phróiseas an Phainéil Fhorlíontaigh agus má tá post buan ar fáil ina dhiaidh sin sa scoil atá le líonadh roimh Dé Luain 2 Samhain 2026?

B'fhéidir go dtairgfí an post buan don múinteoir ar an bPainéal Forlíontach ar choinníoll nach gcaithfear an post a líonadh le múinteoir buan/múinteoir CID breise a dhéanfaí a ath-imlonnú, ach níl oibleagáid air déanamh amhlaidh.

### 4.12 An dtabharfar tuarastal do mhúinteoir le linn dó/dí a bheith ar an bPainéal Forlíontach?

Níl múinteoir ar an bPainéal Forlíontach i dteideal tuarastal a fháil ó thús na scoilbhliana nua a fhad agus atá sé/sí ag feitheamh ar thairiscint ar phost buan.

### 4.13 Cad a tharlóidh mura bhfuil a post líonta ag scoil faoin gcéad lá oibre den scoilbhliain/má tá post buan ar fáil sa scoil idir an chéad lá oibre den scoilbhliain nua agus Dé Luain 2 Samhain 2026 agus má tá an Painéal Forlíontach i bhfeidhm i gcónaí?

Ní mór don scoil dul i dteagmháil le múinteoirí ar an bPainéal Forlíontach láithreach bonn d'fhonn an post a líonadh. Ní thabharfar cead do scoileanna múinteoir a fhostú go sealadach agus í ag feitheamh leis an bpost a líonadh go buan tríd an bPainéal Forlíontach a úsáid.

## Cuid 5 - An Painéal Forlíontach a nuashonrú

### 5.1 Conas a choinneoidh Boird Bainistíochta/BOO agus múinteoirí iad féin ar an eolas maidir leis an bPainéal Forlíontach a bheith i bhfeidhm i gcónaí?

Déan teagmháil go rialta leis an Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais na deoise, srl.). Cuirfidh an Roinn an córas scoile ar an eolas tríd an t-eolas is deireanaí faoin bpainéal a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin. Féadann Comhlachtaí Bainistíochta agus Oibreoirí Painéil éagsúla a suíomh gréasáin a úsáid leis, le scoileanna a choinneáil ar an eolas ar dhul chun cinn na bpainéal.

### 5.2 Cad é a tharlóidh má ghlacann múinteoir le post buan trí phróiseas an Phainéil Fhorlíontaigh?

Ní mór do mhúinteoir a dheimhniú don Bhord Bainistíochta/BOO go nglacann sé/sí leis na téarmaí agus coinníollacha atá sa litir thairisceana. De bhreis air seo ní mór dó/di a chur in iúl don Oibreoir Painéil go bhfuil post glactha aige/aici chun gur féidir a (h)ainm a bhaint den Phainéal Forlíontach.

A luaithe is atá deimhniú i scríbhinn faighte trí ríomhphost gur glacadh leis na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach sa litir thairisceana, ní mór don Bhord Bainistíochta/BOO fógra a thabhairt don Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais na deoise, srl.) laistigh den tréimhse 24 uair dár gcionn. Is féidir an fógra seo a thugann Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta/BOO don Oibreoir Painéil (rúnaí oideachais na deoise, srl.) a dhéanamh ó bhéal ach ní mór é a dheimhniú freisin, gan aon mhoill, trí ríomhphost chomh maith.

Ní mór don mhúinteoir agus don Phríomhoide an Fhoirm Nuashonraithe Phainéil Fhorlíontaigh a chomhlánú gan mhoill chun scéala a chur chuig an Roinn ionas gur féidir ainm an mhúinteora a bhaint den Phainéal Forlíontach.

Ní mór do Phríomhoide/Cathaoirleach na scoile nua a shocrú leis, go ndéanfar an Fhoirm Ceapacháin Bhunmhúinteora a chomhlánú agus a chur chuig an Rannóg Párolla Bunmhúinteoirí

### 5.3 Cad ba chóir do mhúinteoir a dhéanamh má ghlacann sé/sí le post téarma sheasta bliana i scoil aitheanta ar bith lasmuigh den bPainéal Forlíontach?

Má ghlacann múinteoir le post bliana ar théarma seasta in aon scoil aitheanta, caithfidh sé/sí é sin a chur in iúl ar an bpointe, ar ríomhphost, dá (h)Oibritheoir Painéil agus bainfear a (h)ainm ansin den Phainéal Forlíontach don scoilbhliain 2026/27.

Caithfidh an múinteoir ansin, ar an bpointe, Foirm um Uasdátú Painéil (PUF) a chomhlíonadh chun an Roinn a chur ar an eolas, ionas gur féidir a (h)ainm a bhaint den Phainéal Forlíontach.

Ní chuirfear, sa ghnáthchúrsa, múinteoirí a ghéilleann a áit ar an bPainéal Forlíontach chun glacadh le post ar théarma seasta i scoil don scoilbhliain 2026/27 ar an bPainéal Forlíontach don scoilbhliain 2027/28. Beidh an dualgas ar an múinteoir ath-iarratas a dhéanamh ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach bunaithe ar na socruithe foilsithe don scoilbhliain 2027/28.

### 5.4 Cad a tharlóidh má ghlacann múinteoir le post téarma sheasta bliana (lánaimseartha nó páirtaimseartha) i gcomhair na scoilbhliana 2026/27 agus mura mbaineann sé/sí a (h)ainm den bPainéal Forlíontach?

Scrúdóidh an Rannóg Leithdháileadh Bhunmhúinteoirí stádas fostaíochta múinteoirí ar an bPainéal Forlíontach. Chuige seo úsáideann sí taifid na Roinne. Bainfear ainm múinteora ar bith a ghlacann le post i gcomhair na scoilbhliana 2026/27 gan Foirm Nuashonraithe Painéil a chur isteach chuig an Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí den bPainéal Forlíontach láithreach bonn agus caillfidh sé/sí a c(h)earta painéil.

### 5.5 Má ghlactar le múinteoir ar an bPainéal Forlíontach, an féidir leis/léi a (h)áit ar an bpainéal a chur siar/ar athló?

Ní féidir**,** níl sé mar rogha a (h)áit ar an bPainéal Forlíontach a chur siar/ar athló. Ní dhéanfar múinteoirí a ghéilleann an áit a bhíonn acu ar an bPainéal Forlíontach, ar aon chúis, a chur ar ais sa ghnáthchúrsa ar an bPainéal Forlíontach don scoilbhliain 2027/28. Tá an dualgas ar an múinteoir athiarratas a dhéanamh don rochtain ar an bPainéal Forlíontach de réir na socruithe foilsithe don scoilbhliain 2027/28.

### 5.6 Cad é a tharlóidh má shocraíonn múinteoir bliain a ghlacadh saor ón múinteoireacht?

Má roghnaíonn múinteoir bliain a ghlacadh saor ón múinteoireacht (chun taisteal srl.), caithfidh sé/sí fógra a thabhairt láithreach trí ríomhphost chuig an Oibreoir Painéil. Bainfear a (h)ainm den Phainéal Forlíontach do 2026/27 ansin. Ní mór don mhúinteoir an (Fhoirm Nuashonraithe Phainéil Fhorlíontaigh) a chomhlánú gan mhoill chun scéala a chur chuig an Roinn ionas gur féidir ainm an mhúinteora a bhaint den Phainéal Forlíontach.

Ní bheidh múinteoirí a ghlacann bliain saoire ón múinteoireacht (chun dul ag taisteal srl.) i dteideal a bheith ar an bPainéal Forlíontach go huathoibríoch ar fhilleadh dóibh ar an múinteoireacht. Beidh ar na múinteoirí seo iarratas nua a dhéanamh ar rochtain ar an bpainéal ábhartha sa chéad tréimhse iarratais eile a bheidh ar fáil agus na critéir ábhartha a chomhlíonadh. Ag brath ar an fhad a bheidh an múinteoir as seirbhís, d'fhéadfadh nach mbeidh sé/sí in ann an tairseach tuillimh a theastaíonn chun rochtain ar an bPainéal Forlíontach a fháil a chomhlíonadh sa bhliain a fhilleann sé/sí. Lena chois sin beidh ar an múinteoir a chinntiú nach rachaidh a c(h)árú leis an gComhairle Mhúinteoireachta as feidhm le linn na tréimhse sin. Má théann, iarrfar air/uirthi iarratas nua a dhéanamh ar chlárúchán. D'fhéadfadh go dtógfadh an próiseas seo roinnt seachtaine. Is breithniú tábhachtach é seo do na múinteoirí sin atá ag smaoineamh ar an bPainéal Forlíontach a fhágáil chun taisteal thar lear, srl.

## 5.7 Cad a tharlóidh mura bhfuil múinteoir atá ar an bPainéal Forlíontach ceaptha i bpost buan faoi Dé Luain 2 Samhain 2026 nó roimh an lá sin?

Is é Dé Luain 2 Samhain 2026 an lá deireanach chun múinteoir a cheapadh ón bPainéal Forlíontach 2026/27 i bpost buan. Dúnfaidh an Painéal Forlíontach an lá sin.

Ní chuirfear múinteoirí nach bhfuil tar éis dul i mbun fostaíochta ón bPainéal Forlíontach faoi Dé Luain 2 Samhain 2026 nó roimhe sin ar an bPainéal Forlíontach don scoilbhliain 2027/28 go huathoibríoch. Beidh de dhualgas ar an múinteoir iarratas nua a dhéanamh ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach tríd na socruithe a fhoilseofar don scoilbhliain 2027/28.

## 5.8 An gá d'Oibreoir Painéil a chur in iúl d'aoinne go bhfuil folúntas líonta?

Coinneoidh an tOibreoir Painéil na daoine lena mbaineann sa Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí sa Roinn ar an eolas ar bhonn rialta maidir le gluaiseacht ar an bPainéal Forlíontach.

Má tá an Painéal Forlíontach glanta, ní mór don Oibreoir Painéil fógra a thabhairt don Roinn dá réir.

Foilseoidh an Roinn nuashonruithe painéil go rialta ar a suíomh gréasáin. Cuirfear scoileanna agus múinteoirí ar an eolas mar seo faoi dhul chun cinn atá á dhéanamh sa phróiseas ath-imlonnaithe. Féadann Comhlachtaí Bainistíochta agus na hOibreoirí Painéil éagsúla a suíomh gréasáin a úsáid leis, le scoileanna a choinneáil ar an eolas ar dhul chun cinn na bpainéal.

## Cuid 6

### Treoir d'Oifigigh Phainéil maidir le múinteoirí atá ar an bPainéal Forlíontach Ath-Imlonnaithe a ath-imlonnú

Cuirfear an treoir seo ar fáil d'aon Oifigeach Painéal a cheaptar chun éascú a dhéanamh ar ath-imlonnú múinteora ón bPainéal Forlíontach.

**Tabhair aird gur i gcúinsí eisceachtúla amháin a cheapfar Oifigeach Painéil chuig an bPainéal Forlíontach.**

**An Scoil**: Cuirfidh an Roinn tús leis an bpróiseas ar scoil a aithint chun freastal ar ath-imlonnú múinteora. Tosóidh an próiseas seo leis na scoileanna a bhfuil an phátrúnacht chéanna acu agus is gaire do scoil bhunáite an mhúinteora. Bainfear úsaid as Córas Faisnéise Geografaí (CFG/GIS) na Roinne chun na scoileanna cóngaracha a aithint. Tabharfar deis do na scoileanna seo Foirm PO26/27 a homhlánú ina leagtar amach rannpháirtíocht na scoile leis an bpróiseas ath-imlonnaithe agus cuirfear é seo ar fáil don Oifigeach Painéal (ag glacadh leis go mbíonn an fhoirm comhlánaithe ag an scoil).

Ar dtús déanfaidh an t**Oifigeach Painéal** teagmháil leis an Oibritheoir Painéil (rúnaí oideachais an deoise srl.,) ar an nguthán chun é/í féin a chur in aithne mar Oifigeach Painéil agus chun deis a thabhairt don Oibritheoir Painéil aon eolas ábhartha maidir le hath-imlonnú na múinteoirí atá fós ar an bPainéal Forlíontach don Ath-Imlonnú a chur ar fáil don Oifigeach Painéil.

Is í an chéad chéim eile don Oifigeach Painéil ná teagmháil a dhéanamh ar an nguthán le Cathaoirligh Bhoird Bhainistíochta/BOO na scoileanna (agus le Príomhoide na Scoile, más féidir) is gaire don mhúinteoir ar an bPainéal Forlíontach (de réir chóras na Roinne). Tugann sé sin deis do na scoileanna aon eolas ábhartha a sholáthar don Oifigeach Painéil faoin bhfolúntas atá ann a líonadh trí mhúinteoir atá ar an bPainéal Forlíontach a ath-imlonnú.

Tar éis don Oifigeach Painéil an t-eolas ábhartha a fuair sé/sí ón Oibritheoir Painéil agus ó na scoileanna in aice láimhe a bhreithniú, roghnóidh sé/sí an scoil is oiriúnaí d'ath-imlonnú an mhúinteora.

Cuirfear cinneadh an Oifigigh Phainéil in iúl don Phátrún, don Roinn agus don scoil ábhartha agus beidh an cinneadh mar ceangal ar na páirtithe uile.